

# Seolann EUSPA comórtas #myEUspace, lena soláthraítear tuilleadh spáis le haghaidh nuálaíocht agus fhiontraithe AE

EUSPA/PR/21/02 Prág, 1 Meán Fómhair 2021

Sheol Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) comórtas #myEUspace i bPrág an 1 Meán Fómhair. Sa chomórtas duaiseanna seo de chuid AE, spriocdhírítear ar nuálaithe agus fiontraithe atá réidh le hiniúchadh, forbairt agus tráchtáil a dhéanamh ar réitigh nuálacha lena mbaintear leas as sonraí agus seirbhísí Chlár Spáis AE, agus iad ag dul níos faide ná scóip reatha na bhfeidhmchlár spáis agus ag déanamh cumasc agus tástáil ar theicneolaíochtaí nua i seirbhísí suíomhbhunaithe, sa tsoghluaisteacht chliste, sa talmhaíocht chliste, sa gheomaitic agus, den chéad uair riamh, i dteicneolaíochtaí candamacha.

Ag déanamh forbairt di ar rath na gcomórtas roimhe agus ag clúdach di raon leathnaithe gníomhaíochtaí, d'fhógair Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) seoladh chomórtas #myEUspace inniu. De bharr na fála méadaithe ar shonraí spásbhunaithe agus ar sheirbhísí spásbhunaithe agus de bharr theacht chun cinn na dteicneolaíochtaí móibíleacha agus ríomhaireachta, is airde caighdeán na nuálaíochta ná ag am ar bith riamh. Is é an toradh atá air sin gur féidir forbairt a dhéanamh ar fheidhmchláir níos uailmhianaí lena mbraitear ar shuí cruinn Galileo agus ar na sonraí breathnóireachta Domhain arna nginiúint ag Copernicus, agus na deiseanna nua a eascraíonn as teicneolaíochtaí Candamacha á n-iniúchadh san am céanna.

Agus ciste duaiseanna €1 mhilliún aige, leagtar i gcomórtas #myEUspace, atá mar chuid de thionscnamh Cassini atá á reáchtáil ag an gCoimisiún Eorpach, díriú ar shonraí agus seirbhísí Chlár Spáis AE agus ar conas a bheifear in ann comhtháthú seirbhísí agus cumasc sonraí a úsáid chun cruthú (agus margú) a dhéanamh ar réitigh shuaiteacha spásbhunaithe tráchtála a bheidh in ann freagairt do riachtanais shochoaíocha a thagann chun cinn agus freastal ar réimsí éagsúla, lena n-áirítear an tsoghluaisteacht chliste, an talmhaíocht chliste, an táirgeadh inbhuanaithe, an úsáid inbhuanaithe, cathracha cliste, an tsláinte agus an fhóillíocht, i measc nithe eile. Tugtar cuireadh do nuálaithe ar fud na ndisciplíní uile agus na margaí uile leas a bhaint as cumhacht sheirbhísí agus sonraí Chlár Spáis AE chun cur i bhfeidhm a dhéanamh ar réitigh lena gcumhdófar feidhmchláir mhóibíleacha agus feidhmchláir cruá-earraí amhail ríomhairí inchaite, réitigh rianaithe bainistíochta sócmhainní, dróin agus róbataic, i measc nithe eile.

*“Le roinnt blianta anuas, tá EUSPA ag cruthú éiceachóras cumhachtach gnólachtaí nuathionscanta agus fiontar beag agus meánmhéide i réimse an spáis as ar tháinig smaointe ceannródaíocha amhail réitigh uathrialaitheacha marcála lánaí nó feidhmchláir lena n-úsáidtear dróin chun faireachán a dhéanamh ar an atmaisféar. Tá an chuid is mó díobh ag méadú scála na n-oibríochtaí anois”, a dúirt Rodrigo da Costa, Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUSPA. “Mar thoradh ar thionscnaimh amhail comórtas #myEUspace, táimid ag tacú leis an bhfiontraíocht spáis agus ag rannchuidiú le hiarrachtaí an Aontais i réimse an digitithe agus leis an gClár Glas uailmhianach don Eoraip a chur i gcrích”, a dúirt an tUasal da Costa mar fhocal scoir.*

## Tá #myEUspace ar oscailt

Ós rud é gurb ann do níos mó ná 2 bhiliún fón cliste atá cumasaithe do theicneolaíocht Galileo agus go mbíonn ag méadú ar an luas ar a mbítear ag glacadh leis an teicneolaíocht spáis i measc gléasanna eile (ríomhairí inchaite, dróin, Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus róbataic, i measc nithe eile), níor cheart d'aon deighleog margaidh ná d'aon fheidhmchlár gan an deis a thapú sonraí spáis agus seirbhísí spáis a chomhtháthú isteach sa chéad ghlúin eile táirgí agus seirbhísí uathu.

*“De bharr chomórtas MyGalileoSolution ar reáchtáil EUSPA é, cuireadh ár dtáirge chun cinn go mór agus cabhraíodh linn deiseanna nua a aimsiú. Oireann comórtais den chineál seo go mór do ghnólachtaí nuathionscanta éiritheacha. Mar thoradh ar pháirt a ghlacadh i gcomórtas MyGalileoSolution agus ar é a bhuaich, bhí ár réiteach in ann leas a bhaint as níos mó infheictheachta, níos mó tacaíochta ó shaineolaithe agus níos mó airgid lena scála a mhéadú. Is é atá inár dtáirge ná róbataic uathrialaitheach marcála carrchlóis 10Lines, agus is rud ríthábhachtach dúinn é suí an chórais dhomhanda um loingseoireacht satailíte (GNSS). Mholfaimis do gach gnólacht nuathionscanta AE an deis seo a thapú agus a ngnólacht a chur chun tosaigh,” a dúirt Janno Paas, Príomhoifigeach Teicneolaíochta 10Lines agus ball den fhoireann a bhuaigh Beart 2 de chomórtas MyGalileoSolution sa bhliain 2020.*

Agus breis agus 50 dámhachtain aige, tá comórtas #myEUspace comhdhéanta de dhá bheart neamhspleácha chomhthreomhara. Tá liosta leithleach spriocanna agus bunspríocanna inghnóthaithe ag an dá bheart. **Beart 1 - Ó Smaoineamh go Fréamhshamhail/bailíochtú custaiméirí** – a bhfuil mar aidhm leis smaoinemh teoiriciúil a iompú ina fhréamhshamhail táirge/ina leagan béite. **Beart 2 - Ó Fhréamhshamhail go Táirge/go hlontráil sa mhargadh** – a bhfuil mar aidhm leis fréamhshamhail nó smaoinemh béite a iompú ina T(h)áirge Inmharthana Íosta.

Féachtar sa Chomórtas ar réitigh inar féidir sonraí agus seirbhísí Chlár Spás AE a úsáid agus a chomhtháthú chun na sé réimse théamacha seo a leanas a shuaitheadh:

**Gluais go Cliste Mé:** Réitigh shoghluaisteachta cliste ar fud na modhanna iompair uile chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht a fheabhsú agus chun sábháilteacht a mhéadú.

**Cuir an Spás le Mo Shaol:** Réitigh custaiméirí amhail feidhmchláir mhóibíleacha agus aon réiteach eile lena n-úsáidtear sonraí spáis le haghaidh na sláinte, na cluichíochta, an spóirt, na fóillíochta, na turasóireachta agus an tsaoil laethúil.

**Ár bPláinéad Glas:** Réitigh nuálacha lena dtugtar aghaidh ar dhúshlán chomhshaoil, ar an maireachtáil inbhuanaithe, ar an úsáid inbhuanaithe agus ar an táirgeadh inbhuanaithe.

**Mapáil Mo Dhomhan:** Réitigh nuálacha shuirbhéireachta lena múnlaítear todhchaí na geomaitice, na pleanála tuaithe agus na gcathracha cliste trí dhearadh.

**Feirmeoireacht de réir Satailíte:** Réitigh theicneolaíochta lena mbainistítear inathraitheacht na táirgeachta talmhaíochta, lena bhfeabhsaítear an táirgeacht barr, lena laghdaítear an tionchar ar an gcomhshaol agus lena mbarrfheabhsaítear an biashlabhra.

**Tum isteach sa Chandam:** Réitigh nuálacha lena mbaintear leas as teicneolaíochtaí candamacha (ríomhaireacht, brath, ionsamhlú agus criptiú, i measc nithe eile) agus lena mbreisítear feidhmchláir iartheachtacha i réimse an spáis.

## Conas an comórtas a bhuaich

Féadfaidh daoine ar mian leo gnólacht nuathionscanta a bhunú, nuálaithe síoraí agus fiontraithe seanchleachta iarratas a dhéanamh [anseo](#) faoin 15 Samhain 2021 (23:59 Am Lár na hEorpa).

Measúnófar na smaointe bunaithe ar a ábhartha atá siad do Chlár Spáis AE, ar an gcur chuige nuálach a ghlacann siad, ar a n-acmhainneacht chun margaidh, ar a n-indéantacht i bhfianaise theorainneacha na teicneolaíochta reatha agus, ar deireadh, ar a n-eagrúchán oibríochtúil. Tá sé beartaithe ag an gcomórtas duaiseanna agus dámhachtainí éagsúla a bhronnadh ag céimeanna difriúla den chomórtas.

Chun clárú nó chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach leathanach an chomórtais ar [shuíomh gréasáin EUSPA](#).

Tá gailearaí íomhánna ar fáil [anseo](#). Tabhair an chreidiúint seo: © Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA).

Tá an phreaseisiúint seo ar fáil i ngach ceann de na 24 teanga AE.

###

## Maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Soláthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) seirbhísí Eorpacha loingseoireachta satailíte atá sábháilte agus slán; cuireann sí tráchtálú shonraí agus sheirbhísí Galileo, EGNOS agus Copernicus chun cinn; agus comhordaíonn sí GOVSATCOM, an clár cumarsáide satailíte rialtais atá le teacht ó AE. Tá EUSPA freagrach as creidiúnú slándála a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile de Chlár Spáis AE. Trí chabhrú le hearnáil spáis atá nuálach agus iomaíoch a fhorbairt agus trí dhul i dteagmháil le pobal iomlán Spáis AE, rannchuidíonn EUSPA leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach agus le sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú, agus neamhspleáchas agus athléimneacht an Aontais á threisiú aige an tráth céanna.

### Tuilleadh faisnéise:

Cristina Comunian  
Oifigeach Cumarsáide EUSPA  
[Cristina.Comunian@euspa.europa.eu](mailto:Cristina.Comunian@euspa.europa.eu)  
Teil.: +420 234 766 780  
Fón póca: +420 778 537 344

Marie Ménard  
Oifigeach Cumarsáide EUSPA  
[Marie.Menard@euspa.europa.eu](mailto:Marie.Menard@euspa.europa.eu)  
Teil.: +420 237 766 627  
Fón póca: +420 602 619 776